



Uimhir 29 de 2013

AN tACHT AIRÍ AGUS RÚNAITHE (LEASÚ), 2013
[An tionú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Leasú ar an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011.
 2. Uasteorainneacha caiteachais Aireachta: faisnéis a sholáthar don Aire.
 3. Leasú ar an Acht um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012.
 4. Gearrtheideal, tosach feidhme agus comhlua.
-

[Uimh. 29.] *An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú)*, [2013.]
2013.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

An tAcht um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012

2012, Uimh. 39

An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011

2011, Uimh. 10

Na hAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924 go 2011



Uimhir 29 de 2013

AN tACHT AIRÍ AGUS RÚNAITHE (LEASÚ), 2013

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE BAINISTIÚ CAITEACHAIS MEÁNTÉARMA AGUS CHUN NA CRÍCHE SIN DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE hUASTEORAINNEACHA CAITEACHAIS RIALTAIS AGUS UASTEORAINNEACHA CAITEACHAIS AIREACHTA, AGUS DO LEASÚ AN ACHTA AIRÍ AGUS RÚNAITHE (LEASÚ), 2011 AGUS AN ACHTA UM FHREAGRACHT BHUISÉADACH, 2012.

[23 Iúil 2013]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—Leasaítear an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 17:

Leasú ar an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011.

“Uasteorainneacha caiteachais Rialtais agus uasteorainneacha caiteachais Aireachta.

17.—(1) San alt seo—
ciallaíonn ‘Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí’ na meastacháin caiteachas i ndáil le deontais soláthair agus leithreasáí-i-gcabhair i leith seirbhísí soláthair do bhliain airgeadais arna n-ullmhú ag an Aire le linn dó nó di feidhmeanna a aistrítear chuig an Aire le halt 8(1) a chomhlíonadh agus arna gcur faoi bhráid Dháil Éireann ag an Rialtas chun a gceadaithe;

ciallaíonn ‘caiteachas Rialtais’ an tsuim caiteachais a íoctar as an airgead seo a leanas—

- (a) airgead a sholáthraítear as deontais soláthair agus leithreasáí-i-gcabhair i leith seirbhísí soláthair,
- (b) airgead a íoctar as an gCiste Árachais Shóisialaigh, agus
- (c) airgead a íoctar as an gCiste Náisiúnta Oiliúna,

arna chomhdhlúthú laistigh de gach earnáil agus idir gach earnáil a shonraítear i míreanna (a), (b), agus (c).

(2) Gach bliain airgeadais, ar thogra ón Aire Airgeadais, déanfaidh an Rialtas cinneadh lena gceadófar uasteorainn leis an méid caiteachais Rialtais (dá ngairtear an “uasteorainn caiteachais Rialtais” san alt seo) i leith gach ceann de na 3 bliana airgeadais díreach tar éis na bliana airgeadais céadluaite.

(3) I gcás go mbeidh an Rialtas tar éis cinneadh a dhéanamh faoi fho-alt (2) nó faoin bhfo-alt seo, féadfaidh sé, ar thogra ón Aire Airgeadais, cinneadh eile a dhéanamh lena gceadófar uasteorainn leis an méid caiteachais Rialtais ar uasteorainn í is mó nó is lú ná an uasteorainn caiteachais Rialtais (dá ngairtear an ‘uasteorainn caiteachais Rialtais athmheasta’ san alt seo), d’aon cheann nó níos mó de na blianta airgeadais lena mbaineann.

(4) Rachaidh an tAire Airgeadais i gcomhairle leis an Aire i ndáil le togra dá dtagraítear i bhfo-alt (2) agus le togra dá dtagraítear i bhfo-alt (3).

(5) Déanfaidh an tAire Airgeadais, thar ceann an Rialtais, cinneadh faoi fho-alt (2) nó (3) a chur in iúl do Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis an cinneadh a dhéanamh.

(6) Faoi réir na huasteorann caiteachais Rialtais nó na huasteorann caiteachais Rialtais athmheasta, de réir mar a bheidh, déanfaidh an Rialtas, gach bliain airgeadais, ar thogra ón Aire, cinneadh lena gceadófar an méid caiteachais Rialtais a bheidh le cionroinnt ar réimse freagrachta gach Aire den Rialtas (dá ngairtear ‘uasteorainn caiteachais Aireachta’ san alt seo) do gach ceann de na 3 bliana airgeadais lena mbaineann.

(7) Faoi réir na huasteorann caiteachais Rialtais nó na huasteorann caiteachais Rialtais athmheasta, de réir mar a bheidh, i gcás go mbeidh cinneadh déanta ag an Rialtas faoi fho-alt (6) nó faoin bhfo-alt seo, féadfaidh sé, ar thogra ón Aire, cinneadh eile a dhéanamh lena ndéanfar aon uasteorainn caiteachais Aireachta a athbhreithniú do cheann amháin nó níos mó de na blianta airgeadais lena mbaineann.

(8) Déanfaidh an tAire, thar ceann an Rialtais, cinneadh faoi fho-alt (6) nó (7) a chur in iúl do Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis an cinneadh a dhéanamh.

(9) Maidir le—

(a) comhiomlán na Meastachán i gcomhair Seirbhísí Poiblí do bhliain airgeadais, agus

(b) comhiomlán na meastachán ar an méid caiteachais le linn na bliana airgeadais

sin a íocfar as an gCiste Árachais
Shóisialaigh agus as an gCiste
Náisiúnta Oiliúna,

ní mó é ná an uasteorainn caiteachais Rialtais nó
an uasteorainn caiteachais Rialtais athmheasta, de
réir mar a bheidh, don bhliain airgeadais sin.

(10) Féadfaidh an tAire Airgeadais moltaí a
chur faoi bhráid an Aire i leith an chion den
uasteorainn caiteachais Rialtais nó den
uasteorainn caiteachais Rialtais athmheasta, de
réir mar a bheidh, a mheasann an tAire Airgeadais
is cóir, ag féachaint do dhálaí fioscacha agus
geilleagair, a chur chun feidhme—

(a) chun riachtanais caiteachais reatha a
íoc, agus

(b) chun riachtanais caiteachais chaipitiúil
a íoc.”.

2.—Leasaítear an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 tríd an
alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 17:

Uasteorainneacha
caiteachais
Aireachta: faisnéis a
sholáthar don Aire.

“17A.—(1) Féadfaidh comhlacht seirbhíse poiblí, agus
déanfaidh sé má iarrann an tAire air déanamh amhlaidh, cibé
faisnéis a sholáthar don Aire is gá, le réasún, chun críocha aon
fheidhm de chuid an Aire faoi alt (6) nó (7) d’alt 17.

(2) Ní bheidh san áireamh in aon fhaisnéis a sholáthrófar don
Aire faoi fho-alt (1) aon sonraí pearsanta (de réir bhrí na
nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003).

(3) I gcás go n-iarrann an tAire faisnéis faoi fho-alt (1),
soláthrófar an fhaisnéis i cibé foirm agus ar cibé modh agus
laistigh de cibé tréimhse ama a shonróidh an tAire.”.

3.—Leasaítear an tAcht um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012 in alt
8 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

Leasú ar an Acht
um Fhreagracht
Bhuiséadach, 2012.

“(4) Déanfaidh an Chomhairle Bhuiséadach—

(a) na réamhaisnéisí maicreacnamaíochta arna n-ullmhú
ag an Roinn Airgeadais, is réamhaisnéisí ar a
mbunófar an Buiséad agus an clár cobhsaíochta, a
dhaingniú, de réir mar is cúf léi,

(b) measúnacht ar na réamhaisnéisí oifigiúla a sholáthar,
agus

(c) i ndáil le gach Buiséad agus clár cobhsaíochta,
measúnacht a sholáthar i dtaobh an seasamh
buiséadach a chabhróidh le bainistiú eacnamaíoch
agus buiséadach stuama, lena n-áirítear faoi threoir
fhorálacha an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus
Fáis, i dtuairim na Comhairle Buiséadaí, an seasamh
buiséadach don bhliain nó do na blianta lena
mbaineann.”.

[Uimh. 29.] *An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú),* [2013.]
2013.

Gearrtheideal,
tosach feidhme agus
comhlua.

4.—(1) Féadfar an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2013 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le hordú.

(3) Féadfar na hAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924 go 2013 a ghairm de na hAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924 go 2011 agus den Acht seo (seachas *alt 3*) le chéile.

(4) Féadfar na hAchtanna um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012 agus 2013 a ghairm de na hAchtanna um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012 agus *d'alt 3* le chéile.